Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**13883/25**
**ADD 1**

**ACP 101**
**WTO 89**
**COASI 121**
**RELEX 1277**
**UD 229**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht LEASUITHE ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, lena leasaítear forálacha áirithe de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin |

DRÉACHT

**Leasuithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, lena leasaítear forálacha áirithe de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin**

1. Leasaítear an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil mar a leanas:

   (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

   'Cinneadh Uimh. …/2026 ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL ARNA BHUNÚ FAOIN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EATRAMHACH IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS NA STÁIT SAN AIGÉAN CIÚIN, DEN PHÁIRT EILE, an … lena leasaítear forálacha áirithe de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin';

   (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 3(i):

   '(i) na forálacha seo a leanas, nach bhfuil ábhartha a thuilleadh, a scriosadh:

   – Mír 7 d'Airteagal 3;

   – Iarscríbhinn XII;'.

2. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil mar a leanas:

(a) san innéacs, cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh '4. Carnadh sna Stáit san Aigéan Ciúin':

'4 bis. Carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha.';

(b) san innéacs, cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh 'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le PRÓTACAL II: Tíortha agus críocha thar lear':

'IARSCRÍBHINN VIII bis a ghabhann le PRÓTACAL II:
Tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha';

(c) cuirtear an t-Airteagal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 4:

'*Airteagal 4 bis*
*Carnadh le tíortha comharsanacha atá i mBéal Forbartha*

1. Arna iarraidh sin do na Stáit san Aigéan Ciúin agus de réir fhorálacha Airteagal 41(2), ábhair de thionscnamh tíre comharsanaí atá i mbéal forbartha, cé is moite de Stát ACC, ar le heintiteas geografach comhtháite í, a bhfuil liostú díobh le fáil in Iarscríbhinn VIII bis, is féidir iad a mheas mar ábhair de thionscnamh Stáit san Aigéan Ciúin nuair a ionchorpraítear iad i dtáirge a fhaightear ansin. Ní bheidh sé riachtanach oibriú ná próiseáil leordhóthanach a bheith déanta ar na hábhair sin ar choinníoll:

(a) gur mó an t-oibriú agus an phróiseáil a rinneadh sa Stát san Aigéan Ciúin ná na hoibríochtaí atá liostaithe in Airteagal 7;

(b) go bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag na Stáit san Aigéan Ciúin, ag an gComhphobal Eorpach agus ag na tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha lena mbaineann maidir le nósanna imeachta leordhóthanacha um chomhar riaracháin lena n-áiritheofar cur chun feidhme ceart na míre seo.

2. Ní bheidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo maidir leis na táirgí atá le liostú ar chinneadh ón gCoiste Speisialta maidir le Comhar Custaim agus Rialacha Tionscnaimh.

3. Chun a chinneadh an bhfuil na táirgí de thionscnamh na tíre comharsanaí atá i mbéal forbartha mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VIII bis, beidh feidhm ag forálacha an Phrótacail seo.';

(d) cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas isteach i ndiaidh Iarscríbhinn VIII:

'IARSCRÍBHINN VIII bis a ghabhann le PRÓTACAL II
TÍORTHA COMHARSANACHA ATÁ I mBÉAL FORBARTHA

Chomhaontaigh na Páirtithe, chun Airteagal 4 bis de Phrótacal II a chur chun feidhme, go mbeidh feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

– Tagróidh an nath "tír chomharsanach atá i mbéal forbartha ar le heintiteas geografach comhtháite í" don liosta tíortha seo a leanas:'.